# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 20 - 26 Nollaig 2025**



**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 21 Nollaig ar a 9.00rn**
**Intinn:** Máiréad (Réidín) Ní Chearna Uí Fhlatharta, Gaillimh agus Dún Chaoin, 2ú C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 21 Nollaig ar a 10.00rn**
**Intinn:** **1.** Muiris, Hain agus Bríd Feirtéar, Tíorabháin agus Siobhán Uí Fhathaigh, Baile an Fheirtéaraigh agus a muintir agus Muintir Mhurchú, Cillirith.
**2.** Ita Mhic Gearailt (Ní Chatháin), An Daingean, C.M.

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Micheál Ó Muimhneacháin 087-6551902

**C**óipeanna breise do **Fhéilire 2026** sna séipéil. Tóg ceann dod’ ghaolta agus cairde.

**Guí an Phobail**
Mary Theresa Uí Chíobháin (née Hennessy), Muiríoch, a fuair bás le déanaí.
Na daoine go léir a fuair bás i rith na bliana ón bparóiste seo, sa bhaile agus i gcéin.

**Séipéal na Carraige,**
**Dé Máirt, 23 Nollaig, ar a 9.30**
**Intinn:** Gearóid Ó Ceallacháin, C.B., agus Tomás, Peig agus Noel Ó Beaglaoi, An Charraig, C.B.
**Dé Sathairn, 27 Nollaig ar a 7.30in**
**Intinn:** **1.** Cáit Uí Bheaglaoich, Baile Ghainín, 2ú C.B.
**2.** Tamara Ní Bhrosnacháin, Ardamór, 10ú C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 28 Nollaig, ar a 10.00rn**
**Intinn:** **1.** Séamus Ruiséal, Baile an Éanaigh agus Corcaigh, C.B.
**2.** Tomás Ó Cruadhlaoich, Na Cluainte, C.B.



**Bailiúchán Bliantúil dos ‘Na Samaritans’ Oíche agus Lá Nollag ag geataí na séipéal.**

## Aifrinntí na Nollag 2025
## Oíche Nollag, Dé Céadaoin, 24 Nollaig

| | |
|---|---|
| Séipéal Naomh Gobnait | 5.00in |
| Séipéal na Carraige | 7.00in |
| Séipéal Naomh Uinseann | 8.30in |

***Aifreann na Gine, Aifreann is Fiche***

## Lá Nollag, Déardaoin, 25 Nollaig

| | |
|---|---|
| Séipéal Naomh Uinseann | 10.00rn |
| Séipéal na Carraige | 11.15rn |

**Clúdaigh na Nollag**
Tá Clúdaigh na Nollag á gcur amach anois. Téann an t-airgead ós na clúdaigh seo do thuarastail na sagart. Tá **Clúdaigh Seachtainiúla 2026** á gcur amach chomh maith. Úsáidtear an t-airgead seo do ghnáth chostaisí sa pharóiste: árachás, cothabháil, aibhléis. Buíochas ó chroí do gach duine a thugann tacaíocht don gciste seo. Buíochas go speisialta dos na daoine teagmhála a thugann amach na clúdaigh dúinn. **Má theastaíonn uait dul ar an liosta glaoigh ar Thigh na Sagart 9156131.**

**Bailiúchán Speisialta**
Beidh bailiúchán speisialta do thuarastal na sagart ag aifrinntí **Oíche agus Lá Nollag.** Is féidir leat an clúdach do Ofráil na Nollag a chur sa bhailiúchán seo. Míle buíochas as bhur bhflaithiúlacht agus go gcuití Dia go fial libh.

***Guíonn an tAthair Eoghan Nollaig Shona agus Athbhliain faoi shéan agus faoi mhaise ar gach éinne sa pharóiste agus ar a muintir i gcian agus i gcóngar agus go háirithe gach uile dhuine a chabhraigh in aon tslí sa pharóiste i rith na bliana.***

## Fuinneog Daite

Cuireadh fuinneog daite nua, in ónóir do Naomh Proinsias Assisi, isteach i Séipéal Naomh Uinseann i rith na seachtaine. Tá sé seo ana oirúnach mar beidh 800 bliain ann an bhliain seo chugainn ó cailleadh Naomh Proinsias. Is i gcuimhne ar Mhuintir Uí Fhathaigh agus Muintir Firtéar an fhuinneog agus gach beannacht agus rath ar a ngaolta a chuir an togra seo i gcrích. Ár mbuíochas le Glynn Palmer a dhein an dearadh agus an ealaíon ar an bhfuinneog.

## Glaochanna Comaoineach na Nollag

| | |
|---|---|
| Dé Luain, 22 Nollaig | Paróiste na Cille/Paróiste Módhrach tar éis lóin |
| Dé Máirt, 23 Nollaig | Dún Chaoin/An Buailtín/Paróiste Mhárthain tar éis lóin. |

### Buíochas Speisialta

Buíochas do gach duine a chabhraíonn leis na searmanaisí i rith na Nollag agus i rith na bliana:- léitheoirí, Ministéirí Eocairiste, glantóirí, iad siúd a chuireann suas bláthanna, na cléirigh agus gach duine a chabhraíonn ins na séipéil, daoine teaghmhála, daoine a thugann amach na clúdaigh, múinteoirí fóirne agus daltaí na scoileanna, cóir agus ceoltóirí, Boird Bainistíochta, daoine a mhaisíonn na séipéil agus a ullmhaíonn na mainséir, cártaí agus fógraíocht, bailitheoirí, Aisteoirí Bhreanainn, Foireann Raidió na Gaeltachta, Comhairle Tréadach, Coiste Fé Chúram Leanaí, Coiste Airgeadais, lucht cothabhála, grúpaí deonacha, rúnaí an pharóiste agus le gach uile dhuine a chabhraigh in aon tslí sa pharóiste i gcaitheamh na bliana. Go gcúití Dia go fial libh.

### Biongó Mór na Nollag

Beidh Biongó Mór na Nollag ar siúl i Halla na Feothanaí, an Domhnach seo, 21 Nollaig ar a 7.30in. Duaiseanna breátha agus raifil mór.

### Litir Aspalda an Phápa Proinsias – Comhartha Iontach

Conas go dtarlaíonn sé go dtéann tearmann na Nollag chomh mór sin i bhfeidhm orainn? Ar an gcéad ásc, taispeánann sé grá ceansa Dé: d'ísligh Cruthaitheoir na cruinne é féin chun ár n-ísleachtsa d'ardú. Is iontaí fós an mistéir a leanann de bhronntanas na beatha nuair a thuigimid gurb é Mac Muire foinse agus cothú na beatha ar fad. Is é Íosa an deartháir a thug an tAthair dúinn, a thagann ár lorg nuair a bhímid trí chéile nó caillte, cara dílis lenár n-ais i gcónaí. Thug sé dúinn a Mhac a mhaitheann dúinn agus a shaorann sinn ónár bpeacaí.
Buíochas leis an Dr. Tadhg Ó Dushláine a d'aistrigh an téacs.

## Grúpa WhatsApp don bParóiste

Tá Grúpa WhatsApp bunaithe chun go bhféadfadh na baill eolas a fháil maidir le Aifrinntí agus ócáidí eile. Má spéis leat, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 066-9156131 nó cuir r-phost go oifig@yahoo.ie, le d'ainm agus uimhir do guthán póca.

#### Ranganna Oíche sa Phobalscoil

Beidh na ranganna oíche seo ar siúl i Mí Eanáir i bPobalscoil Chorca Dhuibhne:- Grianghrafadóireacht, Spáinnis, Iodáilis, Gearmánais, Fraincís, Gaeilge, Gluaiseacht agus Aireachas, Garchabhair, Pilates agus Safe Pass. **Teagmháil: 087 7951743 nó sf@pcd07.ie.**

#### Alone

Is eagraíocht Alone a thugann tacaíocht do dhaoine aosta atá ag maireachtaint ag abaile. Tá Alone ag lorg daoine deonacha chun cabhrú ina gcuid oibre. Gach eolas 0801 222 024 nó alone.ie/volunteer.

#### Stampaí Úsáidte

Tá beanrialta ag bailiú stampaí úsáidte ar mhaithe le daoine bochta thar lear. Má tá aon stampaí agat is féidir iad a fhágaint ins na séipéil. Bíonn cuimhneamh speisialta i rith na Nollag ar na daoine a thacaíonn leis an bhfeachtas seo.



## Ciste an Pharóiste € 1,220

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie